

# LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DON FHOGHLAIM AGUS DON SAOL:

## An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020

### ACHOIMRE COTHROM LE DÁTA AR FHORFHEIDHMIÚ NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ SA STRAITÉIS IN 2014 EANÁIR 2015

#### *Réamhrá*

Agus aon trian den tsaolré curtha i gcrích, tá forfheidhmiú na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta fós mar thosaíocht don Aire Oideachais agus Scileanna.

Sa bhuiséad in 2015 leagadh béim ar an tiomantas leanúnach atá ann chun tacú leis an litearthacht agus an uimhearthacht. Sa chomhthéacs ina bhfuil srian fós curtha le buiséid, ba é an litearthacht agus an uimhearthacht ceann amháin den bheagán réimsí inar cuireadh infheistíocht bhreise nach raibh bunaithe ar bhrú déimeagrafach. Fógraíodh infheistíocht bhreise de €6 mhilliún agus leis seo beidh €13.8 milliún de mhaoiniú ann don bhliain 2015.

In 2014, rinneadh dul chun cinn suntasach faoi go leor den 41 gníomhaíocht agus beagnach 180 foghníomhaíocht sa Straitéis. Léiríonn na sonraí atá ar fáil go bhfuil roinnt de na spriocanna sa Straitéis curtha i gcrích cheana féin. Ó tharla gur mar seo atá, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go mbeidh athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis a bhí beartaithe don bhliain 2016 ar siúl anois in 2015.

Sa doiciméad seo, tá an dul chun cinn leagtha amach faoi theidil chaibidle na Straitéise.

#### ***1. Tuismitheoirí agus Pobail á gCumasú chun Tacú le Forbairt Litearthachta agus Uimhearthachta na Leanaí***

##### *Eolas do Thuismitheoirí - Ginearálta*

##### *Teilifís*

In 2014, d'éirigh le Animo TV, RTÉ agus an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ÁNLA) ina n-iarratas chuig Údarás Craolacháin na hÉireann ar mhaoiniú don dara sraith den “The Family Project”. Bhí an ÁNLA ag iarraidh díriú níos mó ar na luathbhlianta don tsraith seo, más rud é gur éirigh leis an iarratas le maoiniú a fháil. Arís, ar *The Family Project 2* bhí sárthaispeántas ann de na huirlisí agus teicnící oideachasúla atá ar fáil do gach teaghlach. Sa chlár, ina raibh sé chuid i gceist sa tsraith, leanadh teaghlaigh timpeall na hÉireann atá ag obair le chéile chun dul i ngleic le fadhbanna oideachais atá ag dur isteach ina saol. Fuair an clár seisear daoine aitheanta agus spreagúl le dul i bpáirt le sé theaghlach agus bhí sé ar siúl ar an teilifís

ar RTÉ 1 ón 26 Bealtaine 2014 go dtí 30 Meitheamh 2014. Meánfhéachaint na sraithe ba ea 10.8 %, a bhí thíos i gcomparáid le 2013 nuair a bhí sé ag 15.6%.

D'éirigh leis an sraith feasacht a mhúscailt maidir le hacmhainní atá ar fáil do thuismitheoirí agus do theaghlaigh (féach thíos i dtaca le hacmhainní ar líne). In 2014 bhí fócas níos mó ar leanaí óga. Bhí sé deacair do theaghlaigh a raibh leanaí an-óg acu páirt a ghlacadh mar an príomhfhócas. Tá an tsraith á taispeáint arís ar an Luan ar RTÉ ar 7.30 pm agus tá lucht féachana níos mó á mealladh go dtí seo.

Tá sé spéisiúil gurbh é 201,900 duine a d'fhéach ar an gcéad chlár ar an 17 Samhain [an sciar ba ea 14.14%], agus d'fhéach 10,400 duine sa bhreis ar ar RTÉ+1. Ciallaíonn sé sin gur mheall an t-athchraoladh níos mó de lucht féachana ná an TX [ba ea 179,800 duine] a bhí ann ar dtús. De réir RTÉ, is rud an-neamhghnách é seo..

### *Tacaíocht Ar Líne agus Múscailt Feasachta*

Is é an ÁNLA a d'fhorbair an láithreán gréasáin [www.helpmykidlearn.ie](http://www.helpmykidlearn.ie) chun tacú leis an Straitéis a chur i bhfeidhm agus díríonn sé go háirithe ar thuismitheoirí leanaí atá idir 0-12 bhliain d'aois.

Tá na staitisticí don dara bliain d'fheidhmiú [www.helpmykidlearn.ie](http://www.helpmykidlearn.ie) (ón 7 Meán Fómhair 2013 go dtí an 6 Meán Fómhair 2014) leagtha amach thíos:

- 92,600 úsáideoir (sa tréimhse chéanna in 2013 bhí 66,743 cuairteoir uathúla)
- An meán in aghaidh na seachtaine: 1,780 úsáideoir (sa tréimhse chéanna in 2013 an meán: 1,283 cuairteoir in aghaidh na seachtaine)
- 116,574 seisiún (78,138 seisiún ba ea an figiúr don tréimhse chéanna in 2013 agus do mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Nollag 2012 ó bhí an láithreán beo, bhí 14,954 cuairt)
- Filleann 22.3% de na húsáideoirí (an figiúr sa tréimhse chéanna in 2013 ba ea 26.4%)
- An preabrata ba ea 41.04% - céatadán na gcuartheanna ar leathanaigh aonair áit ar fhág an duine an láithreán gréasáin ón leathanach iontrála gan idirghníomhú a dhéanamh (in 2013 sa tréimhse chéanna is é 27.25% a bhí ann).
- Tháinig 787 atreorú ó [www.education.ie](http://www.education.ie) le linn na tréimhse seo (is é 680 atreorú a bhí ann sa tréimhse chéanna in 2013).
- Chláraigh 1,215 duine le haghaidh leideanna míosúla (400 duine sa bhreis i gcomparáid leis an mbliain seo caite – is é 822 duine a bhí ann sa tréimhse chéanna in 2013).
- Seoladh imlitir ón Roinn Oideachais chuig scoileanna ar an 15 Bealtaine 2014 agus tagairt do z-chártaí ina measc. <http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%3%A1ist%3%AD/Seirbh%3%ADs%3%AD/Tuairisce%3%A1in/Ag-Tac%3%BA-le-Meas%3%BA%3%BA/Trialacha-Caighde%3%A1naithe-i-mBunscoileanna.html>.

Ar an 8 Samhain 2014 chuir ÁNLA tús le feachtas Facebook agus mar thoradh air seo bhí ardú mór de 15,894 úsáideoir i gcomparáid leis an mí roimhe sin. Ó mhí na Samhna fuarthas 4,659 duine ar mhaith leo an leathanach Facebook (likes).

### *Eolas do Thuismitheoirí - An Curaclam*

Tá smaointe, moltaí agus samplaí praiticiúla den chaoi inar féidir le tuismitheoirí tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt a leanaí in Aistear (creat oibre curaclaim na luathóige do leanaí ón uair a shaolaítear iad go dtí go bhfuil siad sé bliana d'aois). In Uirlisí Úsáide Aistear (atá foilsithe ar láithreán gréasáin an CNCM) tá bileoga eolais iontu freisin do thuismitheoirí agus cuireann sé eolas ar fáil ar an gcaoi inar féidir le tuismitheoirí agus seirbhísí comhoibriú le chéile. Tá bileoga eolais curtha le chéile ag an CNCM freisin do thuismitheoirí faoin gcaoi inar féidir leo cabhrú lena leanaí agus iad ag foghlaim Mata

### *Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail*

Tá obair Chomhordaitheoir an TBSP (atá ar fáil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna de Bhanda 1 & 2 de chuid DEIS) ag díriú ar thuismitheoirí a thabhairt leo le bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim a leanaí.

Bunaíodh Tusla ar an 1 Eanáir, 2014, mar eintiteas dlíthiúil neamhspleách, ina bhfuil Seirbhísí Leanaí & Teaghlaigh an FSS, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais chomh maith le roinnt seirbhísí síceolaíochta a bheith ionchorpraithe ann agus raon seirbhísí a fhreagraíonn d'fhoréigean baile, gnéasach agus foréigean bunaithe ar inscne.

Tá Tusla freagrach anois as obair na OTBSPanna.

### *Comhairlí Tuismitheoirí*

Tugann an Roinn maoiniú go fóill do Chomhairlí Náisiúnta Tuismitheoirí Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i gcúrsaí oideachais. In 2014, an maoiniú do Chomhairlí Náisiúnta Tuismitheoirí Bunscoileanna ba ea €523,465 agus an maoiniú do Chomhairlí Náisiúnta Tuismitheoirí Iar-bhunscoileanna ba ea €221,000

### *Cairt Tuismitheoirí*

Tá sé beartaithe ag an Aire leasuithe reachtaíochta a chur san áireamh chun tacú le Cairt Tuismitheoirí sa *Bhille um Iontrálacha Scoile*. An aidhm atá ann ná go gcothóidh na leasuithe reachtaíochta athrú cultúir sa chaoi ina mbíonn scoileanna i dteagmháil le scoláirí agus tuismitheoirí go laethúil. Cruthóidh siad cumhacht freisin don Aire chun treoirínthe reachtúla a fhoilsiú a bheidh bunaithe ar na prionsabail seo agus a leagfaidh amach gníomhaíochtaí agus caighdeáin atá mionsonraithe agus a chuirfear i bhfeidhm i ngach scoil. Tá súil ag an Aire na treoirínthe seo a fhoilsiú in 2015 roimh dheireadh na scoilbhliana reatha.

## ***2. Feabhas á chur ar Chleactas Proifisiúnta na Múinteoirí agus Cleachtóirí Cúram agus Oideachas na Luath-Óige***

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh sa réimse seo go fóill, go háirithe maidir le múinteoirí, atá de réir an amscála fhorfheidhmithe atá leagtha amach sa Straitéis agus obair na Comhairle Múinteoireachta maidir leis an leanúntas teagaisc. Ach, tá dul chun cinn déanta ar an obair freisin maidir le hoideachas agus oiliúint a sholáthar do chleachtóirí luathbhlianta.

## *Na Luathbhlianta*

Tá an Roinn seo i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir oideachais agus oiliúna, i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) atá á gcur ar fáil faoi láthair trí na hearnálacha Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais.

Bhí na cineálacha príomhscileanna atá de dhíth ar lucht saothair na luathbhlianta mar ábhar do mhionstaidéar a rinne an Coimisiún Eorpach in 2011 ('Riachtanais Scileanna i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige', nó an 'tuarascáil 'CoRe') agus mar thoradh air seo cuireadh moltaí ar fáil chun tacú le forbairt scileanna ó thaobh córais de.

Tá ról lárnach ag an earnáil oideachais agus oiliúna lena chinntiú go dtacaíonn torthaí na gelár COLÓ le forbairt na scileanna cuí atá aitheanta sa tuarascáil CoRe agus in áiteanna eile, an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta ina measc.

San athbhreithniú a dhéantar ar na cláir oideachais agus oiliúna COLÓ scrúdófar na nithe seo a leanas ina leithéid de chláir:

- An bhfuil siad á gcur ar fáil chomh héifeachtach agus is féidir?
- An bhfuil siad faoi réir na nósanna imeachta cuí um dhearbhu cáilíochta ag leibhéal institiúide?
- An gcomhlíonann siad éilimh an phobail fhoghlama, lena n-áirítear cé chomh fada is a dhéanann siad an fhoghlaim sholúbtha, an soláthar modúlach, na bealaí le dul chun cinn a dhéanamh, agus na deiseanna don aitheantas réamhfhoghlama (ARF) a ionchorprú?
- An bhfuil na scileanna, an t-eolas agus na meonta ag na céimithe chun obair sa réimse oideachais luathbhlianta, atá mar ghné amháin den leanúntas oideachais ar an iomlán?
- An ullmhaítear na céimithe don éagsúlacht shóisialta<sup>1</sup>
- An gcuireann na saineolaithe cuí atá cáilithe sa réimse oideachais luathbhlianta iad ar fáil?

## *Oiliúint Tosaigh Múinteoirí*

### *Riachtanais Iontrála*

Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar mholtaí maidir leis na riachtanais iontrála chuig cláir Oiliúna Bunscoile Tosaigh Múinteoirí a ardú agus choimisiúnaigh an ITES tuilleadh taighde air. Tá an tuarascáil taighde le bheith ag an gComhairle Mhúinteoireachta go luath in 2015.

### *Riachtanais Chlárúcháin Iar-bhunscoile*

Don leibhéal iar-bhunscoile, in 2012, d'fhaomh an Chomhairle Clárú na Comhairle Múinteoireachta: Riachtanais Ábhair Churaclaim (Iar-bhunscoile), inar leagadh amach critéir ábhair leasaithe na Comhairle, atá le comhlíonadh ag daoine a thosaíonn

---

<sup>1</sup> An infheistíocht i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh (An Coimisiún Eorpach C(2013) 788)

cláir iarchéime d'oiliúint tosaigh múinteoirí agus daoine a bhaineann céim amach ó chlár iar-bhunscoile oiliúna tosaigh múinteoirí chomhthráthacha.

#### *Cláir Nua Oiliúna Tosaigh Múinteoirí Bhreisthe – Bunmhúinteoireacht*

Thosaigh cláir B.Ed athshocraithe agus bhreisthe don bhunmhúinteoireacht i mí Mheán Fómhair 2012 agus thosaigh cúrsaí bunscoile agus iarchéime athshocraithe agus breisthe i mí Mheán Fómhair 2014.

Ní mór do na cláir athbhreithnithe cloí le Beartais na Comhairle Múinteoireachta ar an Leanúntas Oideachas Múinteoirí agus a hOiliúint Tosaigh Múinteoirí: *Na Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár* ina leagtar amach na gnéithe éigeantacha atá le cur san áireamh i ngach clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí lena n-áirítear an Litearthacht agus an Uimhearthacht agus na torthaí foghlama atá de dhíth ar chéimithe de chlár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí. Rinne na *Critéir agus Treoirlínte* foráil nach mór 30 seachtaine (25%) ar shocrúchán scoile do na cláir chomhthráthacha agus 24 seachtaine (40%) do chlár i ndiaidh a chéile a chur san áireamh agus chomh maith leis sin leagadh amach an cineál socrúcháin bhreisthe.

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú ar na cláir B.Ed athshocraithe agus tá sí i mbun athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar na cúrsaí bunscoile iarchéime.

#### *Cláir Nua Oiliúna Tosaigh Múinteoirí Bhreisthe – An Teagasc Iar-bhunscoile*

Thosaigh na cláir athshocraithe agus bhreisthe don teagasc iar-bhunscoile i mí Mheán Fómhair 2013 agus thosaigh na cláir iar-bhunscoile athshocraithe agus bhreisthe chomhthráthacha i mí Mheán Fómhair 2014. Cosúil leis na cláir bunscoile, ní mór do na cláir athbhreithnithe cloí le Beartais na Comhairle Múinteoireachta ar an Leanúntas Oideachas Múinteoirí agus a hOiliúint Tosaigh Múinteoirí: *Na Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár*. Leagtar amach iontu seo na gnéithe éigeantacha atá le cur san áireamh i ngach clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí lena n-áirítear an Litearthacht agus an Uimhearthacht agus na torthaí foghlama atá de dhíth ar chéimithe de chlár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí.

Tá athbhreithniú agus creidiúnú déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar an gcuid is mó de na cláir iar-bhunscoile athshocraithe agus tá sí i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar na cúrsaí atá fágtha.

#### *Ionduchtú*

Tá an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) ag leanúint ar aghaidh agus clár ceardlainne á chur ar fáil aige do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna). Tá 3,663 MNC cláraithe don chlár ceardlainne 2014/15. Is riachtanas den Chomhairle Mhúinteoireachta go nglactar páirt i 10 gcinn den 12 cheardlann a chuirtear ar fáil le clárú a dhéanamh cé go spreagann an CNIM na MNCanna uile gach cheardlann a dhéanamh.

Díríonn an clár litearthachta bunscoile ar cheacht léitheoireachta a theagasc agus a bhainistiú agus leagann na ceardlanna uimhearthachta bunscoile béim ar dheachleachtas a fhorbairt i dteagasc na matamaitice.

Ag an leibhéal iar-bhunscoile, díríonn na ceardlanna ar litearthacht agus uimhearthacht ábharbhunaithe do gach duine.

#### *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – Cúrsaí Samhraidh*

Reáchtáladh 781 cúrsa samhraidh i mbliana, 607 cúrsa aghaidh ar aghaidh, 154 díobh ar líne agus 20 cúrsa ina raibh meascán<sup>2</sup>. As líon iomlán na gcúrsaí samhraidh a ceadaíodh (781), bhain 84 díobh leis an dá earnáil agus bhain 5 díobh leis an iar-bhunscoil.

I ngach cúrsa bhí gá le fócas a bheith ar an litearthacht (Béarla agus Gaeilge), an uimhearthacht, an fhéinmheastóireacht scoile agus an feabhsú scoile.

Bhí cúrsaí samhraidh ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile. Bíonn múinteoirí bunscoile a thugann faoi chúrsaí samhraidh i dteideal laethanta SPB (Saoire Phearsanta Bhreise) a fháil.

Chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) ceardlanna ar fáil i réimsí ar nós an líofacht sa léitheoireacht, an mhatamaitic ó mheabhair agus an scríbhneoireacht tríd líonra an ionaid oideachais. Dhear an PDST i gcomhar leis an Seirbhís Tacaíochta D'Oideachas Speisialta (SESS) seimineáir nua agus chuir siad iad i láthair agus rinne siad meastóireacht orthu i gcomhar lena chéile do Phríomhoidí agus do Mhúinteoirí Naisc (Litearthacht & Uimhearthacht) maidir le 'Feabhas a chur ar an Litearthacht agus an Uimhearthacht tríd an bhFéinmheastóireacht Scoile'. Cuireadh na seimineáir seo ar fáil do phríomhoidí agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile.

Chomh maith leis na rudaí thuasluaite, sa dara céim den togra seo beidh Féinmheastóireacht Scoile (FMS) agus Measúnú.

Dhear an SESS cúrsa nua 'An Chumarsáid agus an Teanga: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Bunscoil)' agus chuir siad é ar fáil.

#### *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – Ginearálta*

Leanann an PDST ag cur tacaíochta inscoile ar fáil agus tá an litearthacht agus an uimhearthacht go mór ar an gclár.

Ag an leibhéal iar-bhunscoile cuireadh imeachtaí aon lae ar fáil do mhúinteoirí naisc sa litearthacht agus san uimhearthacht araon. Thosaigh na ceardlanna i mí Dheireadh Fómhair do gach múinteoir sa litearthacht agus san uimhearthacht. Leanann an PDST ag cur tacaíochta inscoile ar fáil agus tá an litearthacht agus an uimhearthacht go mór ar an gclár.

---

<sup>2</sup> Is é atá i gceist le meascán ná aghaidh ar aghaidh agus ar líne.

Tá FGL curtha ar fáil ag foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí cheana féin maidir leis an sonraíocht nua don Bhéarla. Tá sé i gceist leis an FGL seo chun tacú le fócas láidir ar fhorbairt scileanna litearthachta na scoláirí.

Chuir an Chigireacht comhairle ar fáil don PDST maidir le hábhar agus soláthar na gceardlann um litearthacht agus uimhearthacht do mhúinteoirí naisc agus dá bpríomhoidí. Chuir an Chigireacht comhairle ar fáil d'fhoireann an SSM maidir le feidhmiú céimneach FGL na Sraithe Sóisearaí agus maidir le forbairt fheidhmiú céimneach an Bhéarla ag an Sraith Shóisearach do mhúinteoirí Béarla L1. Seachas comhairle a chur maidir leis an ábhar, breathnaíonn lucht féachana de chairde léirmheastóireachta ar gach ceardlann/seimineár a chuirtear ar fáil mar chuid de Thionscadal Mata (féach thíos) agus feidhmiú céimneach leasuithe na Sraithe Sóisearaí sula ndéantar iad a chomhaontú i ndeireadh na dála. Tá baill den Chigireacht san áireamh sa lucht féachana.

Chomh maith leis sin, thacaigh an Chigireacht le ceardlann L1 a fhorbairt do mhúinteoirí Béarla den tsraith shóisearach atá á forbairt faoi láthair le cur ar fáil sa scoilbhliain reatha.

#### *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – Tionscadal Mata*

Mar chuid den tsoláthar leanúnach cuireadh na ceardlanna deiridh de Thionscadal Mata – ceardlann 9 agus ceardlann 10 ar fáil go céimneach do gach múinteoir in 2013/14.

Bhain an chéad ghrúpa de rannpháirtithe céim amach ón gclár Dioplóma gairmiúil i dTeagasc na Matamaitice sa cheathrú ráithe in 2014. Rinneadh áiteanna breise a thairiscint i mí Feabhra 2014 agus chuir 290 iarratasóir isteach iontu. Ciallaíonn sé seo má bhaineann na rannpháirtithe eile céim amach, beidh 811 múinteoir bhreise láncháilithe sa Mhatamaitic sa chóras.

Faoi láthair tá plé ann maidir le cinneadh a dhéanamh cibé an gcuirfear an cúrsa ar fáil arís in 2015-2016.

#### *Acmhainní*

Tá treoirlínte curtha ar fáil ag an Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais don fhoireann faoin dea-chleachtas agus bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta á dteagasc d'fhoghlaimoirí Ionaid Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna Phobail. Rinne forbairt ar na treoirlínte seo mar chuid de bheartú tosaíochta um fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá na treoirlínte seo ann do chleachtóirí, teagascóirí, múinteoirí, bainisteoirí agus comhordaitheoirí in aon ionad ina bhfuil foghlaimoirí atá ag streachailt leis na bunscóileanna.

### ***3. Cumas Cheannaireacht na Scoile á Neartú***

Díríonn na gníomhaíochtaí ar an Straitéis sa réimse seo ar FGL, féinmheastóireacht scoile agus cláir cheannaireachta do cheannairí scoile nua agus dóibh siúd ar mian leo a bheith ina gceannairí scoile.

Le roinnt mhaith míonna anuas tá an Roinn ag breathnú ar an gceannaireacht scoile ar fud an leanúntais. Táthar ag breathnú go speisialta ar an gceist maidir leis an gcaoi inar féidir an saineolas i measc na gceannairí scoile a chomhroinnt agus tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar na tacaíochtaí ceannaireachta atá ann faoi láthair do scoileanna. Tá mionteagmháil déanta ag an Roinn le Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Ionaid agus le Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann, chun féachaint ar an gcaoi inar féidir láidreachtaí na n-eagraíochtaí seo a úsáid chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don cheannaireacht scoile. Tá comhaontú leathan ann ar conas dul chun cinn a dhéanamh agus déanfar é a fhógairt in 2015.

#### *An tSraith Shóisearach*

Mar chuid den chlár FGL i leith Chreat na Sraithe Sóisearaí, beidh soláthar FGL leanúnach ann do cheannairí scoile i ngnéithe a bhaineann leis an gceannaireacht san fhoghlaim ar scoil, sa bhainistíocht ar athruithe, sa phleanáil agus ar réimse leathan topaicí oideolaíocha lena n-áirítear úsáid na modhanna measúaithe éagsúla chun cur le foghlaim na scoláirí. Thosaigh an soláthar go luath in 2013/14 do 2 bhall foirne as gach iar-bhunscoil. D'fhreastail 1,240 ceannaire scoile go dtí seo.

#### *Féinmheastóireacht Scoile*

In 2014 tá an PDST i gcomhar le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna agus seirbhísí tacaíochta eile ag cur imeachtaí aon la ear fáil do cheannairí scoile agus múinteoirí naisc a léiríonn comhtháthú na féinmheastóireachta scoile leis an litearthacht agus an uimhearthacht. Lean na ceardlanna ar aghaidh agus an bailiú sonraí agus anailís agus cuireadh 42 imeacht ar fáil sa scoilbhliain go dtí seo agus leanann an t-éileamh ar aghaidh le haghaidh tuilleadh soláthair. Beidh imeachtaí breise curtha ar an sceideal.

#### *Gníomhaíochtaí Eile*

An aidhm atá ag gach gníomhaíocht a chuireann an PDST ar fáil ná a bheith comhaimseartha agus suntasach ó thaobh cheannaireacht an teagaisc agus na foghlama i dtréimhse áirithe ama. Déantar athbhreithniú ar na modúil na n-ábhar agus na cás-staidéir de réir mar a phleanáiltear le gach sceideal a chur ar fáil. Rinneadh ábhair cheannaireachta a leasú leis an ngá chun tacú leis an straitéis litearthachta agus uimhearthacht a léiriú. Chomh maith leis sin rinneadh cláir a mhionathrú chun modúil ar leith a chur san áireamh maidir leis an gceannaireacht sa litearthacht agus san uimhearthacht agus san fhéinmheastóireacht scoile.

Chuir an PDST Cláir Cheannaireachta Scoile, Misneach, Forbairt, Tánaiste (PP) agus Tóraíocht ar fáil do bheagnach 2,000 ceannaire scoile i mbliana. Chuir na cláir seo tacaíocht ar fáil ar an raon idir iad siúd ar mian leo a bheith ina gceannairí scoile, na ceannairí scoile nuacheaptha agus na ceannairí scoile atá ann cheana féin.

#### ***4. Feabhas á chur ar an gCuraclam agus an Taithí Oideachais***



Tá an-chuid dul chun cinn á dhéanamh sa réimse seo i gcónaí agus tá athruithe curaclaim agus an nuálaíocht le feiceáil ag gach leibhéal.

### *Bunscoil*

Tá obair ag dul ar aghaidh go leanúnach san CNCM ar shonraíocht nua chomhtháite Béarla agus Gaeilge a fhorbairt ag an leibhéal bunscoile. Tá an CNCM tar éis dul i gcomhairle i dtaobh a gcuid oibre go dtí seo atá ag díriú ar ranganna na naíonán sóisearach go dtí rang a dó. Tá tátail an chomhairliúcháin mar bhonn eolais fhorbairt an churaclaim. Táthar ag súil go mbeidh an curaclam nua ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2015 agus go gcuirfear i bhfeidhm é ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh. Níl an bhéim ar an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht amháin ach ar ghnéithe éisteachta agus labhartha de na teangacha.

Thosaigh an CNCM ag obair ar struchtúr an churaclaim mhata bhunscoile leasaithe i gcomhréir leis an sonraíocht do churaclam mata na sraithe sóisearaí. Beidh an obair a dhéanann taighdeoirí agus saineolaithe mata mar bhonn eolais d'fhorbairt na dtorthaí foghlama mata ó na naíonáin go dtí rang a dó i mbunscoileanna. Sa chomhthéacs seo, sheol an tAire O'Sullivan dhá pháipéar taighde cúlra<sup>3</sup> i mí na Samhna 2014.

### *Iar-bhunscoil – An tSraith Shóisearach*

Tá sonraíocht an Bhéarla don tSraith Shóisearach curtha i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2014. Sa tsonraíocht léirítear ábhair inní na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta. Is é seo a leanas atá á chur ar fáil ag an sonraíocht maidir le príomhscileanna na Litearthachta agus na hUimhearthachta:

*Príomhábhair inní den Bhéarla is ea an fás sa teanga agus sa litearthacht. Forbróidh scoláirí a scileanna litearthachta de réir mar a bhíonn siad rannpháirteach go gníomhach ina scileanna teanga labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta.*

*Sa teanga labhartha rachaidh siad i ngleic le plé a bhfuil cuspóir leis ar théacsanna, smaointe agus meonta agus tríd seo a dhéanamh forbróidh siad a gcuid scileanna éisteachta agus labhartha.*

*Forbróidh siad a scileanna léitheoireachta trí theacht ar théacsanna éagsúla agus foghlaimoidh siad conas iad a léamh le líofacht, tuiscint agus inniúlacht ag baint úsáide as réimse leathan de straitéisí tuisceana.*

*Agus a litearthacht á forbairt tuilleadh, rachaidh na scoláirí i ngleic pleanáil a bhfuil cuspóir leis, dréachtú agus scríbhneoireacht a dhéanamh i meascán de sheánraí difriúla de réir mar a léiríonn siad go bhfuil tuiscint níos mó acu ar an lucht féachana agus an stíl.*

---

<sup>3</sup> **Mathematics in Early Childhood and Primary Education (3-8 years) Definitions, Theories, Development and Progression** leis na Dochtúirí Elizabeth Dunphy, Thérèse Dooley agus Gerry Shiel In éineacht le Deirdre Butler, Dolores Corcoran, Miriam Ryan agus Joe Travers

Comhairleoir Idirnáisiúnta: An tOllamh Bob Perry

**Mathematics in Early Childhood and Primary Education (3-8 years) Teaching and Learning** le Thérèse Dooley, Elizabeth Dunphy agus Gerry Shiel In éineacht le Deirdre Butler, Dolores Corcoran, Thérèse Farrell, Siún NicMhuirí, Maura O'Connor, agus Joe Travers

Comhairleoir Idirnáisiúnta: An tOllamh Bob Perry

*Ina gcuid dul chun cinn sa litearthacht i gcoitinne, feabhsóidh feasacht chriticiúil na scoláirí den teanga, agus mar thoradh air seo beidh fiosracht níos doimhne sna téacsanna i ngach cineál foirme i gceist. Mar thoradh ar an bhfeasacht seo foghlaimoidh siad conas a oibríonn cúrsaí teanga, agus cabhróidh sé seo leo roghanna eolasacha teanga a dhéanamh chun iad féin a léiriú, agus le heolas agus smaointe a aimsiú, a úsáid agus a chur in iúl.*

*Sa Bhéarla forbraíonn scoláirí a scileanna uimhearthachta de réir mar a bhailíonn siad eolas trí cheistiúcháin, suirbhéanna agus taifid phearsanta ag cur a gcuid tátal ar fáil i bhformáidí éagsúla agus do phobail dhifriúla. Foghlaimíonn siad conas patrúin sa teanga (e.g. rithim agus meadaracht san fhilíocht) agus patrúin sna téacsanna liteartha agus neamhliteartha a aithint. Bíonn siad ar an airdeall faoin ghné spásúil ina gcuid staidéir ar an drámaíocht ar stáitse agus trí scileanna uimhearthachta chun fadhbanna i gcoitinne a réiteach.*

Tá na hábhair inní ar leith sa Straitéis maidir le mionsonraí an churaclaim léirithe go soiléir sa tsonraíocht nua.

Tá gearrchúrsa an CNCM ar litearthacht na meán digiteach ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh.

I bpáipéar cúlra le haghaidh comhairliúcháin ar an nGaeilge don tSraith Shóisearach leagtar síos an comhthéacs d'fhorbairt shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Léiríodh na hábhair inní a bhfuil béim orthu sa Straitéis. Is obair leanúnach atá ar siúl ag an ngrúpa forbartha i dtaobh na Gaeilge.

Tabhair faoi deara go bhfuil bunscileanna na litearthachta agus na huimhearthachta á gcur isteach i ngach sonraíocht nua d'ábhair na Sraithe Sóisearaí agus do ghearrchúrsaí de réir mar a dhéantar iad a fhorbairt.

#### *(Tionscadal) Mata*

Tá an curaclam mata nua á fheidhmiú anois i ngach iar-bhunscoil anois.

Príomhchuspóir de Thionscadal Mata is ea feabhas a chur ar na leibhéil ghnóthachtála sa Mhata agus chun líon na scoláirí a dhéanann an tArdleibhéal sa tSraith Shóisearach agus san Ardteistiméireacht a mhéadú.

Bhí an líon a rinne é in 2014 don Ardteistiméireacht os cionn 27%, i gcomparáid le 25.6% in 2013. Sa Teastas Sóisearach, ba é 54% a rinne é in 2014, a bhí ardaithe ó 52% in 2013. Léiríonn na figiúirí seo dá réir méaduithe móra i gcomparáid leis na figiúirí in 2012 agus in 2011.

Níl aon amhras faoi ach go raibh ról lárnach ag an 25 phointe bónais CAO sa mhéadú seo a rabhtas an-sásta leis, ach tacaíonn Tionscadal Mata freisin leis an líon scoláirí atá méadaithe a dhéanann an tArdleibhéal.

***Tuarascáil ar Thionscadal Mata agus PISA 2012: Feidhmíocht sa Tionscadal Mata sna Scoileanna Tosaigh agus sna Scoileanna nach Scoileanna Tosaigh iad ar PISA 2012 An Mhatamaitic agus Réiteach Fadhbanna agus ar Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí (2014)***

D'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) tuarascáil ar éifeacht thosaigh Thionscadal Mata mar ionchur leasú curaclaim ag baint úsáide as PISA 2012 mar uirlis mheasúnaithe. An aidhm a bhí ag an anailís seo ná comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht na scoláirí sna 23 scoil Tosaigh de Thionscadal Mata (an chéad ghrúpa scoileanna chun Tionscadal Mata a chur i bhfeidhm) agus na scoláirí úd a bhí sna scoileanna nach scoileanna tosaigh iad ag baint úsáide as measúnuithe PISA.

Tá fianaise ann go bhfuil éifeacht thosaigh dhearfach ag Tionscadal Mata ar a mbaineann na scoláirí amach sa Mhata.

- Bhain scoláirí 15 bliana d'aois san 23 scoil inar cuireadh Tionscadal Mata i bhfeidhm ar dtús scór a rabhthas ag súil leis ar mhata PISA a bhí 10 bpointe níos airde ná an scór a bhain scoláirí amach i scoileanna nach scoileanna tosaigh iad.
- Bhain na scoláirí sna scoileanna Tosaigh scór a rabhthas ag súil leis a bhí aon trian de phointe gráid níos airde ná an scór comhréire de scoláirí i scoileanna nach scoileanna tosaigh iad i scrúdú an Teastais Shóisearaigh.
- Bhí fianaise ann freisin d'fheidhmíocht níos láidre ar Spás agus Cruth an PISA, agus léirigh cailíní sna scoileanna Tosaigh an feabhsú is fearr. Is é cruth agus spás ceann amháin de na réimsí sa mhatamaitic inar fheidhmigh scoláirí Éireannacha go dona roimhe seo agus ceann de phríomhaidhmeanna Thionscadal Mata ba ea tabhairt faoin bhfadhb seo.

Is cosúil go raibh éifeacht dhiúltach ag Tionscadal Mata ar mheon na scoláirí sna Scoileanna Tosaigh.

- I gcomparáid le scoláirí sna scoileanna Tosaigh, bhain scoláirí i scoileanna nach scoileanna Tosaigh iad scóir níos airde den inspreagadh bunúsach; léirigh siad Féinchoincheap Matamaitice níos dearfaí agus Buairt Mhatamaitice níos ísle; agus fuair siad scór níos fearr san Iompar agus Rúin a bhaineann le Mata chun Obair nó Staidéar a dhéanamh i gCúrsaí Mata.
- Is cúis díomá iad na torthaí a bhaineann le meon na scoláirí ach ní haon ionadh iad ach an oiread, go háirithe mar gheall ar na tuairimí diúltacha atá á léiriú ag raon geallsealbhóirí. Ní móide nár aistríodh an leibhéal buartha a bhrath na múinteoirí chuig a scoláirí.

Tá tátail dhearfacha ann maidir le héifeacht Thionscadal Mata ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim:

- Déantar tuairimí diúltacha na scoláirí a fhritháireamh beagán leis na tátail dhearfacha maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus an réimse leathan de chur chuigí teagasc etc. atá in úsáid sna scoileanna Tosaigh.
- Ar an iomlán, bhí na príomhoidí sna scoileanna Tosaigh níos dearfaí faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag Tionscadal Mata, i gcomparáid leis an gcuid eile dá bpiaraí.

## **5. Ag cabhrú le Scoláirí le Riachtanais Bhreise chun a Lánacmhainneacht a Chomhlíonadh**

Tá acmhainní suntasacha ann atá dírithe ar scoláirí le riachtanais bhreise mar chuid den tsoláthar leanúnach. Tá eolas maidir leis an dul chun cinn breise leagtha amach thíos.

### *Meastóireacht DEIS*

Tá meastóireacht leanúnach ar siúl i dtaca le DEIS lena chinntiú go gcuirtear é i bhfeidhm i gceart agus le bheith mar bhonn eolais do bheartais amach anseo. Gné thábhachtach de DEIS ná a chinntiú go bhfuil an t-ionchur éifeachtach. Tá sraith meastóireachtaí déanta ag an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ar ghnéithe de chlár DEIS agus tá tátail na hoibre seo i sraith tuarascálacha a foilsíodh ó 2009 ar aghaidh.

Tá fianaise shoiléir ann ón taighde a rinneadh go dtí seo go bhfuil éifeacht dhearfach ag clár DEIS le dul i ngleic iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh an oideachais de.

- Sa taighde a rinne an FTO i mbunscoileanna uirbeacha DEIS in 2007, 2010 agus 2013 taispeánadh go raibh feabhsú leanúnach i leibhéil litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí.
- Sna réamhthátail de thaighde an FTO ar fhorfheidhmiú DEIS ag an leibhéal iar-bhunscoile léirítear freisin treochtaí spreagúla ó thaobh na leibhéal gnóthachtála agus rátaí i dtaca le daltaí a choinneáil ar scoil. Tá treocht atá ag ardú go suntasach ó 2009 ar aghaidh sna leibhéil ghnóthachtála sa Bhéarla agus sa Mhataimic ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh.
- Sa taighde a rinne Cigireacht DEIS léirítear go bhfuil an chuid is mó de scoileanna DEIS ag dul i ngleic le planáil éifeachtach le feabhas a dhéanamh. Léiríonn na tátail áit a nglacann scoileanna cur chuige sa scoil uile agus bunaithe ar fhianaise chun feabhas a chur ar an litearthacht, go háirithe ag an leibhéal bunscoile, thuiriscigh siad feabhsuithe i leibhéil ghnóthachtála na ndaltaí.
- I *Rátaí i dtaca le Daltaí a Choinneáil ar Scoil i Scoileanna Dara Leibhéal den Ghrúpa Iontrála de 2007* de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (Eanáir 2014), léirítear go bhfuil an feabhas i rátaí i dtaca le daltaí a choinneáil ar scoil de chuid DEIS le blianta beaga anuas i bhfad níos airde ná na feabhsuithe ar an iomlán go náisiúnta – aníos ó 68% go dtí díreach os cionn 80%.

Ach, taispeánann an taighde go bhfuil an fheidhmíocht ar an iomlán i scoileanna DEIS fós faoin meán náisiúnta a léiríonn go bhfuil tacaíochtaí leanúnacha fós de dhíth chun na feabhsuithe atá déanta a choinneáil agus chun tógáil orthu.

Bhí Comhsheimineár Taighde de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an FTO – *Ag foghlaim ó DEIS* – ar siúl i mí na Bealtaine 2014 inar chuir taighdeoirí ón FTO agus ó Chigireacht agus Rannóg Staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna taighde foilsithe i láthair lucht féachana de scoileanna DEIS agus comhpháirthe oideachais eile. Ag an Seimineár, fógraíodh pleananna chun píosa amháin eile taighde a choimisiúnú i dtaca le DEIS, chun moltaí a chur ar fáil maidir le beartas a athnuachan ó thaobh an mhíbhuntáiste oideachasúil, DEIS san áireamh.

Cuspóir iomlán an tionscadail seo is ea tuarascáil chomhdhlúite a chur ar fáil don Aire faoi DEIS ina bhfuil eolas maidir leis na hionchuir, próisis agus torthaí oideachais éagsúla atá sna tátail ó thaighde DEIS atá déanta go dtí seo. D’fhonn comhthéacs níos leithne a chur ar fáil, déanfaidh an tuarascáil athbhreithniú freisin ar thaighde Éireannach agus idirnáisiúnta eile a bhaineann leis faoin mhíbhuntáiste oideachasúil in éineacht le samplaí den dea-chleachtas. Tá an tuarascáil á hullmhú faoi láthair ag an ITES agus tá sí le bheith curtha i gcrích go luath in 2015.

Chomh maith leis sin, rinneadh meastóireachtaí cigireachta DEIS i 10 mbunscoil agus 10 n-iar-bhunscoil in 2014. Tá tuarascáil ilghnéitheach bunaithe ar na tátail ó 44 meastóireacht DEIS ag gach leibhéal á hullmhú faoi láthair agus foilseofar é go luath in 2015.

#### *Cás-Staidéar – Tionscadal Forbartha Litearthachta Bhunscoileanna DEIS Luimnigh*

Mar chuid de Chiste Nuálaíochta agus Forbartha Cláir (CNFC), atá mar acmhainn lárnach chun Tacú leis an gCuimsiú Sóisialta agus Athnuachan i Luimneach (TCSAL), faigheann Togra Litearthachta Bhunscoileanna DEIS Luimnigh maoiniú chun an inniúlacht a neartú i measc na múinteoirí i ngach ceann den 15 scoil DEIS de Bhandá 1 atá rannpháirteach ann ar fud na cathrach. An aidhm atá leis an tionscadal ná chun cuidiú le múinteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairt litearthachta agus teanga a leanaí. An cur chuige atá in úsáid sa togra ná níos mó scileanna a thabhairt do na múinteoirí atá rannpháirteach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach i réimsí an teagaisc teanga agus litearthachta. Ansin, is féidir leis na múinteoirí seo an dea-chleachtas atá ann a roinnt agus a leathnú amach agus tacú leis ina scoileanna rannpháirteacha. Mar chuid de thiomantas na Roinne don athnuachan i Luimneach, tá cead tugtha ag an Rannóg um Leithdháileadh Múinteoirí 8 bpost teagaisc lasmuigh den chuóta a choinneáil don 15 scoil DEIS de Bhandá 1 de Chathair Luimnigh ar bhonn comhroinnte don scoilbhliain 2014/15

#### *Riachtanais Speisialta*

Tá soláthar á dhéanamh do níos mó ná 11,200 post múinteora tacaíochta foghlama/acmhainne coibhéise lánaimseartha, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar a sholáthar faoin samhail Leithdháilte Ghinearálta, a chur ar fáil i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna d’fhonn tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar fáil do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais nó le riachtanais tacaíochta foghlama.

Rinneadh soláthar de 10,965 post Cúntóra Riachtanas Speisialta (CRS) coibhéise lánaimseartha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta in 2014, agus rinneadh soláthar breise de 145 post go dtí deireadh 2014 faoi Bhuiséad 2015, agus mar thoradh air sin líon na bpost CRS a bhí ar fáil don NCE ba ea 11,110 faoi dheireadh 2014.

Tá cúrsaí iarchéime a bhaineann le teagasc na scoláirí le riachtanais speisialta oideachais ag leanúint ar aghaidh in 2014 agus tá an leithdháileadh céanna d'áiteanna ann agus a bhí roimhe seo. Tá imlitreacha do 2015 á ndréachtú faoi láthair.

### *Oiliúint tosaigh múinteoirí*

Ní mór do na cláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí cloí le Beartas na Comhairle Múinteoireachta ar an Leanúntas Oideachas Múinteoirí agus a h*Oiliúint Tosaigh Múinteoirí: Na Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár* ina leagtar amach na gnéithe éigeantacha atá le cur san áireamh i ngach clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí lena n-áirítear an litearthacht, an uimhearthacht, an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú agus an t-oideachas uileghabhálach lena n-áirítear an t-oideachas speisialta, an t-ilchultúrachas, an míbhuntáiste agus na torthaí foghlama atá de dhíth ar céimithe de chlár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí.

Áirítear sna torthaí foghlama do chéimithe na gclár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí go léireoidh an céimí eolas agus tuiscint ar éifeacht chúlraí agus ionannais na ndaltaí ar an bhfoghlaim agus ar an riachtanas le cur chuigí difreáilte a úsáid, agus an t-eolas ar fhéidearthacht aonair na ndaltaí, ar an gclaonadh atá ann i dtreo na foghlama, ar na cúlraí agus ionannais éagsúla a chur i bhfeidhm ar an bpleanáil don teagasc.

### ***6. Feabhas á chur ar an Measúnú agus ar an Meastóireacht chun Tacú le Foghlaim Níos Fearr sa Litearthacht agus san Uimhearthacht***

Rinneadh dul chun cinn suntasach go luath leis na creataí le haghaidh socrúithe measúnaithe feabhsaithe a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn á dhéanamh orthu seo anois.

### *Na Luathbhlianta*

Tá maoiniú tugtha ag an Roinn ar fhorbairt Luath-Thástáil Scagtha na Tríonóide (Tástáil 2R), ar uirlis é chun meastóireacht a dhéanamh ar luathfhorbairt na luathscileanna litearthachta agus chun próifíl foghlama a chur ar fáil le go mbeidh na múinteoirí in ann ionchur a phleanáil.

Leis an soláthar méadaithe i mBuiséad 2015 bhíothas in ann foireann nua de chigirí oideachais luath-óige a earcú. Beidh an fhoireann nua ag obair leis an earnáil luath-óige chun an dea-chleachtas oideachais a chur chun cinn agus a fheabhsú. Is togra é seo atá idir an Roinn Oideachais agus Roinn na Leanáil agus Gnóthaí Óige.

### *Bunscoil*

De réir Imlitir 0056/2011, is gá do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na leanaí chuig a dtuismitheoirí dhá uair le linn na scoilbhliana. Ní mór go mbeadh tuairisc i scríbhinn mar cheann amháin de na tuairiscithe seo ag deireadh na scoilbhliana. Sa tuairisciú eile d'fhéadfadh cruinniú, nó cruinniú agus tuairisc i scríbhinn a bheith i gceist. Chun tacú le scoileanna, tá teimpléid tuairiscithe curtha ar fáil ag an CNCM.

Tá Cárta Tuairisce do Rang a 6 ag deireadh nab liana curtha le chéile ag an CNCM freisin chun tacú leis an dá chuspóir maidir le tuairisciú a dhéanamh chuig na tuismitheoirí agus eolas faoi na daltaí a aistriú chuig na hiar-bhunscoileanna. Bhí sé seo roghnach do 2013/14 ach beidh sé éigeantach in 2014/15 (Imlitir 45/14).

I gcomhréir le 0056/2011, chuir bunscoileanna a dtorthaí tástála caighdeánaithe de 2013/14 sa léitheoireacht i mBéarla agus sa mhatamaitic ag baint úsáide as áis ar líne. Bailíodh torthaí tástála caighdeánaithe don léitheoireacht i nGaeilge ó scoileanna lán-Ghaeilge freisin. Tá anailís á déanamh ar na torthaí seo ag an gCigireacht faoi láthair.

#### *Measúnuithe Náisiúnta ar an Matamaitic agus ar an Léitheoireacht i mBéarla*

Rinne an Foras Taighde ar Oideachas measúnuithe náisiúnta ar an léitheoireacht i mBéarla agus an matamaitic i rang a Dó agus i rang a Sé i mí na Bealtaine 2014 i sampla ionadaíoch de 150 bunscoil ag baint úsáide as tástálacha slána.

Díríonn an tuarascáil FTO a foilsíodh ar an 12 Eanáir, 2015 ar fheidhmíocht na ndaltaí i Measúnuithe Náisiúnta 2014 (MN 2014) i gcomparáid le feidhmíocht na ndaltaí a ghlac páirt sna Measúnuithe Náisiúnta in 2009 (MN 2009).

#### Láidreachtaí

Bhí ardú suntasach san fheidhmíocht ar an iomlán sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i rang a Dó agus i rang a Sé in MN 2014 i gcomparáid le MN 2009. Is iad seo na chéad fheabhsuithe shuntasacha sna caighdeáin sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a bhí taifeadta ag na measúnuithe náisiúnta le tríocha bliana anuas. (An uair dheireanach a tugadh feabhsuithe faoi deara ná in 1980, nuair a cuireadh sonraí 1980 i gcomparáid le sonraí 1972).

Tá laghdú i líon na scoláirí nach n-éiríonn go maith leo agus ardú i líon na scoláirí a éiríonn go maith leo sa léitheoireacht i mBéarla agus sa mhatamaitic.

Tá feabhas sa réimse faoi Chruth agus Spás. Is rud spreagúil é seo, go háirithe mar gheall ar na deacrachtaí a bhí ag scoláirí Éireannacha sa ghné seo den mhata in PISA.

Bhí beagán difríochtaí idir na hinscní ó thaobh na léitheoireachta sa Bhéarla agus na matamaitice i MN 2014.

Baineadh amach na spriocanna ar fad sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a bhaineann leis an ngnóthachtáil ag an leibhéal bunscoile agus rinneadh é seo roimh an spriocdháta de 2020.

## Réimsí Feabhsúcháin

Cé gur cuireadh fáilte roimh MN 2014, tá sé soiléir go bhfuil a lán deiseanna ann chun feabhas a dhéanamh, go háirithe ó thaobh na matamaitice de agus scoileanna DEIS.

Tá deiseanna móra ann do dhaltaí i rang a Dó agus i rang a Sé chun tuilleadh feabhais a dhéanamh ar na próisis matamaitice ardleibhéil, lena n-áirítear an cumas atá iontu feidhmiú agus fadhbanna a réiteach.

Cé bhfuil feabhsuithe sa léitheoireacht i scoileanna DEIS ó MN 2009, níl aon fhíorlaghdú sa bhearna idir daltaí i scoileanna uirbeacha DEIS agus daltaí i gcineálacha scoile eile. Is ábhar inní ar leith é an líon mór de dhaltaí nach n-éiríonn go maith leo sa léitheoireacht i scoileanna uirbeacha DEIS de Bhandra 1. Seachas roinnt eisceachtaí, tá an fheidhmíocht sa mhatamaitic i scoileanna DEIS fós i bhfad níos ísle ná na caighdeáin náisiúnta.

## Gníomhaíochtaí

Is gá an anailís ar na sconraí comhthéacsúil ó na ceistiúcháin a soláthraíodh in MN 2014 le cur i gcrích go fóill. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé deacair cúis a aimsiú go muiníneach leis an bhfeidhmíocht fheabhsaithe.

Ach, d'fhéadfadh raon beartas atá á chur i bhfeidhm mar chuid den Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a bheith mar chúiseanna leis an bhfeabhsú, go háirithe i dtaca le forbairt ghairmiúil leanúnach agus an bhéim a leagadh ar spriocanna a leagan amach sa litearthacht agus san uimhearthacht i scoileanna. Ba chóir a nótáil cé go raibh feidhmíocht na ndaltaí i rang a Sé in MN 2014 an-láidir ní raibh siadsan in ann an leas iomlán a bhaint as an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthacht le linn a gcuid scolaíochta. Chonacthas feabhsuithe níos fearr i leabhéal rang a Dó agus b'fhéidir gur tharla sé seo toisc gur bhain na ranganna seo tairbhe as an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta nuair a bhí siad sna ranganna sóisearacha, rud nár tharla lena gcomhdhaltaí i rang a Sé.

Gan amhras, cuirtear fáilte roimh na feabhsuithe suntasacha i réimse feidhmíochta na ndaltaí. Ag cur san áireamh nach raibh aon fheabhsú suntasach sa léitheoireacht ná sa mhatamaitic le níos mó ná tríocha bliana, measadh go raibh na spriocanna le feabhas a dhéanamh sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta in 2011 uailmhianach. Ach, anois agus iadsan bainte amach don daonra scoláire ar an iomlán, tá deis ann anois breathnú ar na spriocanna seo ar an iomlán arís agus tuilleadh feabhais a lorg mar chuid d'athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Mar gheall ar na torthaí seo de na Measúnuithe Náisiúnta, beidh athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis, a bhí le tarlú in 2016 ar dtús, ar siúl in 2015 anois.

*Iar-bhunscoil*

*Clár Idirnáisiúnta um Measúnú ar Scoláirí an ECFE (PISA) 2012*



Foilsíodh torthaí PISA 2012 i mí na Nollag 2013. Léirigh na torthaí gur éirigh le daoine óga 15 bliana d'aois de chuid na hÉireann scóir a bhaint amach a bhí go mór os cionn mheán an ECFE sa mhatamaitic, san eolaíocht agus san léitheoireacht agus gur éirigh i bhfad níos fearr leo i gcomparáid le 2009.

Cuireadh Éire sa 13<sup>ú</sup> háit de na tíortha ECFE don mhatamaitic agus sa 4<sup>ú</sup> háit as 34 tír don léitheoireacht.

In PISA 2012, d'fheidhmigh scoláirí Éireannacha ag leibhéal a bhí cosúil leis na leibhéil a bhain scoláirí Éireannacha amach roimh 2009 don mhatamaitic agus don léitheoireacht. Bhí titim nach rabhthas ag súil leis i bhfeidhmíocht na scoláirí Éireannacha ar na réimsí seo in 2009.

Tá na torthaí matamaitice agus léitheoireachta in 2012 i gcomhréir le feidhmíochtaí na hÉireann in 2000, 2003 agus 2006. Tá an fheidhmíocht sa léitheoireacht ag leibhéal an-ard ach níor fheabhsaigh sí ó thosaigh Éire ag glacadh páirte sa PISA. Táimid os cionn mheán an ECFE lenár bhfeidhmíocht sa mhatamaitic, ach níor fheabhsaigh fíorfeidhmíocht na scoláirí Éireannacha. Mar sin féin, ní mór a aithint gur coinníodh na caighdeáin léitheoireachta agus matamaitice, mar a thomhaistear ar na tástálacha PISA, cé gurb as cúlraí atá i bhfad níos éagsúla (níos mó imirceach, níos mó scoláirí le riachtanais speisialta agus níos mó scoláirí ag fanacht ar scoil níos faide) a thagann na scoláirí a ghlac páirt sna tástálacha PISA in Éirinn in 2012, i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Le feidhmíocht na scoláirí Éireannacha ar an tástáil mhatamaitice phriontáilte, tá Éire i measc na tíortha ECFE a fheidhmíonn “os cionn an mheáin” sa réimse seo ach níl sí sa ghrúpa tíortha ar an mbarr. Tá Éire sa 13<sup>ú</sup> háit as 34 tír ECFE agus san 20<sup>ú</sup> háit as 65 tír rannpháirteacha. Ghlac tríocha a ceathair tír páirt i dtástáil matamaitice ríomhchuidithe agus bhí Éire sa 15<sup>ú</sup> háit i measc an 23 tír ECFE rannpháirteacha agus san 20<sup>ú</sup> háit i measc na tíortha rannpháirteacha uile. D'fheidhmigh na buachaillí i bhfad níos fearr ná na cailíní sa mhatamaitic phriontáilte agus sa mhatamaitic ríomhchuidithe in Éirinn.

Le feidhmíocht na scoláirí Éireannacha ar an tástáil léitheoireachta phriontáilte, tá Éire i measc na tíortha ECFE a fheidhmíonn “os cionn an mheáin” sa réimse seo ach níl Éire sa ghrúpa tíortha ar an mbarr, ar a bhfuil cúig thír den Áise. Tá Éire, bunaithe ar a scór meánach, sa 4<sup>ú</sup> háit as 34 tír ECFE agus sa 7<sup>ú</sup> háit as 65 tír chomhpháirtíochta den ECFE. Ar an tástáil léitheoireachta dhigiteach tá scoláirí Éireannacha sa 5<sup>ú</sup> háit i measc an 23 tír ECFE rannpháirteacha agus sa 9<sup>ú</sup> háit i measc na dtíortha rannpháirteacha uile (tabhair faoi deara nár ghlac gach tír PISA páirt sna tástálacha léitheoireachta digiteacha). Feidhmíonn cailíní Éireannacha i bhfad níos fearr ná na buachaillí sa léitheoireacht phriontáilte agus dhigiteach.

### *Measúnú ar Réiteach Fadhbanna Ríomhchuidithe de chuid PISA 2012*

In PISA 2012, cuireadh réiteach fadhbanna mar mheasúnú roghnach san áireamh. As an 65 tír a ghlac páirt i measúnuithe PISA 2012, ghlac 44 tír/geilleagar, lena n-áirítear Éire agus 27 tír eile de chuid ECFE, páirt i measúnú ríomhchuidithe a ghlac 40

nóiméad faoi réiteach fadhbanna. In Éirinn, ghlac 1,303 scoláire 15 bliana d'aois in 183 scoil páirt sa mheasúnú ríomhchuidithe ar réiteach fadhbanna. Foilsíodh torthaí an mheasúnaithe seo i mí Aibreáin 2014 tar éis fhoilsiú na dtorthaí den phríomhstaidéar.

Is é PISA 2012 an dara timthriall de PISA inar cuireadh réiteach fadhbanna san áireamh mar réimse measúnaithe breise. Cuireadh an measúnú ar réiteach fadhbanna san áireamh an uair dheireanach in 2003 ach rinneadh leasuithe móra air ó shin. Is cuid suntais gur aistríodh an measúnú in 2012 chuig clár ríomhchuidithe ina bhfuiltear in ann fadhbanna idirghníomhacha a chur san áireamh (.ie. áit inar féidir leis na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an gcás agus teacht ar eolas breise ábhartha). Is é atá i gceist le samplaí de chásanna d'fhadhbanna idirghníomhacha ná teacht ar ghléasanna teicneolaíochta (e.g., fóin phóca nó meaisíní a dhíolann ticéid) den chéad uair. San áireamh sa mheasúnú in 2003 de réiteach fadhbanna ní raibh ach fadhbanna statacha amháin (i.e. áit a nochtar an t-eolas ar fad ag an tús agus ní fadhb idirghníomhach í cás na faidhbe).

Chomh maith leis sin, cé gur thástáil PISA 2003 réiteach fadhbanna trasdhisciplíneacha, d'fhág PISA 2012 fadhbanna as an áireamh d'aon ghnó, ina raibh saineolas ar réimsí áirithe den churaclam de dhíth don réiteach.

Bhí feidhmíocht na scoláirí Éireannacha maidir le réiteach fadhbanna go maith ach bhí deis mhór ann le forbairt a dhéanamh. Is iad seo a leanas roinnt de na gnéithe dearfacha d'fheidhmíocht na hÉireann:

- D'fheidhmigh scoláirí in Éirinn ag meán an ECFE i dtaca le réiteach fadhbanna in PISA 2012. Tá Éire sa 17<sup>ú</sup> háit de 28 tír ECFE rannpháirteacha agus sa 22<sup>ú</sup> háit den 44 tír/geilleagar rannpháirteacha.
- Tá feidhmíocht na scoláirí leis an bhfeidhmíocht is ísle agus na scoláirí leis an bhfeidhmíocht is aired cosúil le meán an ECFE dá leithéid de scoláirí.
- Tá líon na scoláirí in Éirinn a fheidhmíonn faoi leibhéal bonnlíne na hoilteachta (i.e. faoi Leibhéal 2) cosúil le meán tíre an ECFE.
- Níl aon difríocht mhór idir feidhmíocht na scoláirí fireanna agus na scoláirí baineanna in Éirinn. Tá feidhmíocht na scoláirí fireanna agus na scoláirí baineanna i dtaca le réiteach fadhbanna cosúil leis na meáin chomhfhreagracha.
- Tá scór meánach na scoláirí in Éirinn a bhfuil cúlra inimirceach acu i bhfad níos aired ná an meán comhfhreagrach don ECFE cé go bhfuil sé i bhfad níos ísle ná é sin do scoláirí dúchais in Éirinn.
- Tá an fheidhmíocht ar mhíreanna measúnaithe idirghníomhacha um réiteach fadhbanna níos láidre ná mar a rabhtas ag súil leis, go háirithe mar gheall ar dheacracht na míreanna seo i gcomparáid leis na míreanna statacha

Is iad seo a leanas roinnt de na dúshláin a bhí aitheanta sa tuarascáil:

- Tá deis mhór ann le feabhas a dhéanamh i bhforbairt na n-inniúlachtaí um réiteach fadhbanna, go háirithe i measc na scoláirí leis an bhfeidhmíocht is ísle agus na scoláirí leis an bhfeidhmíocht is airde. Níl Éire i measc na dtíortha leis an bhfeidhmíocht is aired ach an oiread. D'fheidhmigh tíortha ina labhraítear

Béarla ar nós Ceanada, An Astráil agus an Nua-Shéalainn i bhfad níos fear ná Éire.

- Ós rud é go dtugtar cur síos ar fheidhmíocht na scoláirí in Éirinn sa mhatamaitic mar an meán sna timthriallta luatha den PISA agus díreach os cionn an meán in 2012, níor chóir go mbeadh aon ionadh orainn nach bhfuil an fheidhmíocht ar an measúnú ríomhchuidithe ar réiteach fadhbanna níos láidre in Éirinn.
- Tugtar le tuiscint freisin leis na tátail go mb'fhéidir gur chuir an easpa cleachtaidh in úsáid ríomhairí (sa bhaile agus ar scoil) do thascanna a bhain leis an scoil leis an bhfeidhmíocht níos ísle ar mheasúnuithe ríomhchuidithe in Éirinn agus bhí sé mar mhíbhuntáiste dóibh i gcomparáid le scoláirí i dtíortha eile.
- Thuairiscigh scoláirí leibhéil níos ísle in úsáid TFCanna ar scoil i gcoitinne, sna ceachtanna mata agus sa bhaile do thascanna a bhain leis an scoil agus iad curtha i comparáid leis an meán thar an 34 tír uile den ECFE.
- Tá feidhmíocht réitigh fadhbanna na scoláirí in Éirinn níos mó ná 18 bpointe níos ísle ná a rabhthas ag súil leis ó thaobh a gcuid feidhmíochta sa mhatamaitic phriontáilte, léitheoireacht agus eolaíocht agus tá sé díreach faoi 10 bpointe níos ísle ná a rabhthas ag súil leis nuair a chuirtear a gcuid feidhmíochta ar an measúnú ríomhchuidithe ar an matamaitic agus ar an léitheoireacht san áireamh. Léiríonn sé seo gurb é éifeacht an tsoláthair ríomhaire ar an bhfeidhmíocht ná naoi bpointe in Éirinn.
- Tá éifeacht dhíobhálach an mheasúnaithe ríomhchuidithe ar an bhfeidhmíocht le feiceáil go soiléir i gcás na scoláirí a bhfuil cúlra inimirceach acu.
- Dá bhrí sin beidh gá le breathnú ar impleachtaí na bpleananna chun bogadh ar aghaidh go hiomlán chuig measúnú ríomhchuidithe trasna na réimsí uile in PISA 2015

### *Tástáil Idirnáisiúnta*

Tá an Roinn tiomanta le bheith rannpháirteach i staidéar PISA 2015 do scoláirí 15 bliana d'aois agus sa Staidéar ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus Eolaíocht go hIdirnáisiúnta (TIMSS) 2015 I rang a 4 agus sa 2<sup>ú</sup> bliain. Beidh scoláirí Éireannacha rannpháirteach freisin sa Staidéar um Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léitheoireacht go hIdirnáisiúnta (PIRLS) in 2016.

### *Féinmheastóireacht Scoile/Cigireacht*

Tá athbhreithniú ar phróisis fhéinmheastóireachta na scoile fós san áireamh sna meastóireachtaí bunscoileanna ar an scoil uile (MSU) agus sna meastóireachtaí iarbhunscoileanna ar an scoil uile – bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim (MSU-BCF).

Tugadh cuireadh do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna cuairteanna comhairleacha MSE a lorg ó bhaill den Chigireacht. Tabharfar na cuairteanna seo sa téarma deiridh de 2014. D'iarr 278 iar-bhunscoil agus 1352 bunscoil na cuairteanna.

Tá an litearthacht agus an uimhearthacht fós mar ghné le linn na meastóireachta ar an mBéarla, an Ghaeilge agus an Mhatamaitic i ngach cigireacht MSU ag an leibhéal bunscoile. Tá an méid ina ndéantar iad a fhorbairt ar bhealach traschuraclaim mar chuid den mheastóireacht ar réimsí curaclaim eile. Tá forbairt thraschuraclaim den litearthacht agus den uimhearthacht mar chuid de na meastóireachtaí iar-bhunscoile freisin agus déantar tagairt dó in uirlisí cigireachta ar nós iad siúd atá ann do chigireachtaí ábhair agus teagmhasacha.

### ***Conclúid***

Tá rannpháirtíocht shuntasach thras-rannach ann fóill agus na gníomhaíochtaí sa Straitéisí á gcur i gcrích. Is cosúil ó mheastóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta go léirítear iontu go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh leis an gcur chuige ciallmhar seo ina bhfuil siad i bpáirt lena chéile. An dúshlán atá ann ná coinneáil leis an bhfuinneamh agus leanúint ag cur ghníomhaíochtaí na Straitéise i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht leanúnach atá aici ar an gcóras trí na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis féin a thomhas trí anailís cháilíochtúil chomhlántach a dhéanamh.

Aonad um Beartais Curaclaim agus Measúnaithe  
Eanáir 2015